Nuashonrú Tógála maidir le Gleann na Life go Lár na Cathrach

Nuashonrú Tógála Samhain 2026

Ag obair thar ceann

BUS CONNECTS
Do Chathair, Nasc Níos Fearr
Your City, Better Connected

Cad atá ag tarlú?

Cuireadh tús le hobair thógála Scéim Croíchonair Bus BusConnects ó Ghleann na Life go Lár na Cathrach i nGleann na Life i mí na Bealtaine 2026 agus tá sí ag dul ar aghaidh faoi láthair feadh Bhóthar Chnoc an Fhuaráin, Bhóthar na Life, Bhóthar na Botha Fuaire, Bhóthar Bhaile Formaid, Bhóthar an tSáirséalaigh agus Shráid San Séamas.

Chun teacht ar nuashonruithe tógála beo i do cheantar, scan an cód QR chun ár léarscáil idirghníomhach ar líne a oscailt.


www.liffeyvalleyscheme.ie

Déanfar an chéad chéim eile den obair ar **Bhóthar Bhaile Formaid, idir Bhóthar Gharraí Eoin agus Bhóthar San Labhrás,** agus tá sé beartaithe tús a chur léi go déanach i mí na Samhna 2026. Cuirfear bearta bainistíochta tráchta i bhfeidhm ó lár mhí na Samhna 2026 chun go bhféadfar na hoileáin tráchta atá fágtha a bhaint mar ullmhúchán do leagan amach nua an bhóthair.

Áireofar leis an obair leathnú an bhóthair, lánaí tiomnaithe rothar agus bus, stadanna bus nua, soilsiú poiblí uasghrádaithe, trasrianta coisithe nua agus feabhsuithe ar na háiseanna atá ann cheana. Chun an cur isteach a íoslaghdú, déanfar na hoibreacha i gcéimeanna, **agus ní dhéanfar obair thógála ach ar thaobh amháin den bhóthar ag an am**. Bogfar na bearta bainistíochta tráchta feadh an bhealaigh de réir mar a théann na hoibreacha ar aghaidh.

Cathain a thosófar ar na hoibreacha?

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha **go déanach i mí na Samhna 2026** agus go leanfaidh siad ar aghaidh go dtí deireadh R2 2027, ach d'fhéadfadh athrú teacht air sin. Féach ar an léarscáil thíos, ina leagtar amach an dá limistéar atá san áireamh sna hoibreacha sin.



Conas a choinneofar rochtain

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha go déanach i mí na Samhna 2026 agus go leanfaidh siad ar aghaidh go dtí deireadh R2 2027, ach d'fhéadfadh athrú teacht air sin. Féach ar an léarscáil thíos, ina leagtar amach an dá limistéar atá san áireamh sna hoibreacha sin.

Uaireanta Oibre

Is idir **07:00 AM agus 23:00 PM Luan go hAoine agus 08:00 AM agus 16:30 PM Satharn** a bheidh na huaireanta oibre. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh lasmuigh de na huaireanta sin. Cuirfidh an fhoireann tionscadail an pobal ar an eolas faoi oibreacha atá ar siúl sa cheantar, agus cuirfidh siad cónaitheoirí agus geallsealbhóirí ar an eolas roimh ré faoi aon oibreacha oíche a bheidh ar siúl.

Bearta Sealadacha Bainistíochta Tráchta

Cuirfear bearta bainistíochta tráchta i bhfeidhm chun tacú le seachadadh sábháilte éifeachtúil na n-oibreacha. Tabharfar na bearta sin isteach i gcéimeanna agus déanfar iad a phleanáil go cúramach chun úsáideoirí bóithre, coisithe agus pearsanra an láithreáin a chosaint, agus an cur isteach ar thrácht a íoslaghdú a oiread agus is féidir. Féach samplaí de bhearta a liostaítear thíos:

- **Beidh bainistíocht tráchta shealadach i bhfeidhm ar Bhóthar Bhaile Formaid.** D'fhéadfadh go ndúnfaí cosáin agus lánaí rothar go sealadach i gcodanna áirithe, agus déanfar na hoibreacha ar thaobh amháin den bhóthar ag an am de réir mar a théann siad ar aghaidh, chun an cur isteach a íoslaghdú agus rochtain shábháilte a choinneáil ar fáil do gach úsáideoir bóthair. Iarraimid ar gach úsáideoir bóthair na comharthaí sealadacha agus na bearta bainistíochta tráchta atá i bhfeidhm a leanúint.
- **Aistreofar Stadanna Bus 2715 agus 2710 achar gairid óna suíomhanna reatha.** Tógfar na stadanna bus nua agus cuirfear i mbun feidhme iad sula mbainfear na stadanna atá ann cheana, chun leanúnachas na seirbhíse a chinntiú le linn na n-oibreacha.
- Chun seachadadh sábháilte na n-oibreacha a éascú, **ní mór an bóthar agus na cosáin chóngaracha laistigh den chrios oibre a choinneáil glan agus** saor ó fheithiclí páirceáilte i gcónaí.
- Mar chuid de leagan amach buan an **bhóthair, bainfear na soilse tráchta agus an trasrian coisithe atá ann faoi láthair ar Bhóthar Sháirséil ag acomhal Bhóthar Uí Ógáin** agus déanfar an t-acomhal a athchumrú mar ghnáth-acomhal T. Fanfaidh an trasrian coisithe atá ann i bhfeidhm go dtí go mbeidh trasrian nua curtha ar fáil in aice láimhe.

Crainn a Bhaint agus Crainn Nua a Phlandáil

Chun freastal ar an leagan amach nua bóthair agus ar na feabhsuithe gaolmhara, beidh gá roinnt crann a bhaint.
Déanfar na oibreacha sin i gcomhréir leis na gealltanais chomhshaoil agus leis na bearta maolaithe atá corpraithe sa scéim cheadaithe.
Tuigimid gur ábhar imní do chónaitheoirí áitiúla é crainn a leagan. Áirítear leis an tionscadal clár cuimsitheach athphlandaithe agus tírdhreachaithe, a ceadaíodh mar chuid den phróiseas pleanála.

Déan Teagmháil Linn

Samantha Keely (GMC Group) ar 087 3324997

liffeyvalleyscheme@busconnects.ie

Saorghlao 1800 303 700

Ag obair thar ceann

BUS CONNECTS
Do Chathair, Nasc Níos Fearr
Your City, Better Connected